Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12461/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0810 (NLE)**

**COLAC 138**
**POLCOM 222**
**SERVICES 54**
**FDI 49**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach Pholaitiúil, Eacnamaíoch agus Chomhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 810 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 810 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.9.2025
COM(2025) 810 final

2025/0810 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach Pholaitiúil, Eacnamaíoch agus Chomhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, den pháirt eile**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Is é atá sa togra atá i gceangal leis seo an ionstraim dlí lena n-údaraítear síniú an Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach Pholaitiúil, Eacnamaíoch agus Chomhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, den pháirt eile (ar a dtugtar an Comhaontú Iltíreach Nuachóirithe freisin agus dá ngairtear 'CIN' nó 'an Comhaontú' anseo feasta). Údaraítear leis freisin codanna de a chur i bhfeidhm go sealadach.

Tá an caidreamh idir an tAontas Eorpach ('an tAontas') agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo ('Meicsiceo') bunaithe faoi láthair ar an gComhaontú maidir le Comhpháirtíocht Eacnamaíoch, Comhordú Polaitiúil agus Comhar (dá ngairtear 'an Comhaontú Iltíreach' anseo feasta) idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, den pháirt eile, a tháinig i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2000[1]. Leathnaíodh colún trádála an Chomhaontaithe Iltírigh le dhá chinneadh ón gComhairle Chomhpháirteach: Cinneadh Uimh. 2/2000 ó Chomhairle Chomhpháirteach CE-Mheicsiceo an 23 Márta 2000 maidir le trádáil in earraí[2] agus Cinneadh Uimh. 2/2001 ó Chomhairle Chomhpháirteach AE-Mheicsiceo an 27 Feabhra 2001 maidir le trádáil i seirbhísí[3].

Ó tháinig an Chomhaontú Iltíreach i bhfeidhm, dhoimhnigh an tAontas agus Meicsiceo an caidreamh atá eatarthu. In 2008, bhunaigh an Aontas agus Meicsiceo Comhpháirtíocht Straitéiseach lenar tugadh isteach idirphlé déthaobhach agus comhar i bpríomhréimsí beartais nua, lena n-áirítear saincheisteanna iltaobhacha, slándáil agus ceartas, gnéithe maicreacnamaíocha agus cearta an duine.

I nDearbhú Santiago an 27 Eanáir 2013, chuir na Páirtithe in iúl go raibh tiomantas comhpháirteach acu an Comhaontú Iltíreach a nuachóiriú agus a ionadú ionas go léireofaí réaltachtaí polaitiúla agus eacnamaíocha nua mar aon leis an dul chun cinn a bhí déanta ina gComhpháirtíocht Straitéiseach.

Ag an seachtú Cruinniú Mullaigh idir an tAontas agus Meicsiceo sa Bhruiséil i mí an Mheithimh 2015, d'athdhearbhaigh an dá thaobh go bhfuil siad toilteanach an próiseas a thionscnamh chun tús a chur leis an gcaibidlíocht, i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil ó gach taobh, chun an Comhaontú Iltíreach a nuachóiriú agus chun an Chomhpháirtíocht Straitéiseach a threisiú.

An 4 Bealtaine 2016, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh Cinntí lenar údaraíodh an Coimisiún Eorpach agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála le comhaontú nuachóirithe a chaibidliú le Meicsiceo a thiocfadh in ionad an Chomhaontaithe Iltírigh.

Cuireadh tús foirmiúil leis an gcaibidlíocht i mí na Bealtaine 2016. Rinneadh an chaibidlíocht i gcomhairle le Meitheal na Comhairle um Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib. Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste um an mBeartas Trádála maidir leis na codanna den Chomhaontú

[1] IO L 276, 28.10.2000, lgh. 44-80.
[2] IO L 157, 30.6.2000, lgh. 10–29.
[3] IO L 70, 12.3.2001, lgh. 7–50.

a bhaineann le trádáil. Cuireadh Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi thoradh na caibidlíochta.

Tar éis thabhairt i gcrích polaitiúil na caibidlíochta maidir leis an gcolún polaitiúil agus comhair in 2018, thángthas ar chomhaontú an 17 Eanáir 2025 maidir leis an gcolún trádála agus infheistíochta. Rinneadh caibidlíocht trádála chun an leas is mó is féidir a bhaint as an gcaidreamh déthaobhach agus chun cuidiú ó thaobh dul i ngleic leis na dúshláin dhomhanda.

Tá nuachóiriú an Chomhaontaithe Iltírigh atá i bhfeidhm faoi láthair bunaithe ar dhá ionstraim dlí:

1. An Comhaontú Iltíreach Nuachóirithe ('CIN'), ina bhfuil (a) an colún polaitiúil agus comhair agus (b) an colún trádála agus infheistíochta (na forálacha maidir le cosaint infheistíochta san áireamh); agus

2. an Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil ('CET') a chumhdaíonn léirscaoileadh trádála agus infheistíochta.

Tá sé beartaithe CET a shíniú ag an am céanna le CIN. Rachaidh CET in éag agus cuirfear CIN ina ionad tar éis do CIN teacht i bhfeidhm go hiomlán, tar éis a dhaingnithe.

Baineann an togra seo leis an ionstraim dlí lena n-údaraítear tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Iltírigh Nuachóirithe.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Le CIN, cuirtear creat dlíthiúil nuachóirithe cuimsitheach ar fáil le haghaidh an chaidrimh idir an Aontas agus Meicsiceo agus tagann sé in ionad an Chomhaontaithe Iltírigh atá ann faoi láthair, lena n-áirítear aon chinneadh ina dhiaidh sin óna chomhlachtaí institiúideacha, cé is moite de Chinneadh Uimh. 5/2004 ó Chomhairle Chomhpháirteach AE-Mheicsiceo an 15 Nollaig 2004 lena nglactar, de bhun Airteagal 17(3) de Chinneadh Uimh. 2/2000, Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin maidir le cúnamh riaracháin frithpháirteach in ábhair chustaim[4]. Le linn thréimhse an chur i bhfeidhm shealadaigh, a mhéid nach gcumhdaítear forálacha an Chomhaontaithe Iltírigh le cur i bhfeidhm sealadach CIN, beidh feidhm fós ag forálacha an Chomhaontaithe Iltírigh. Tiocfaidh an Comhaontú in ionad CET freisin, ar theacht isteach dó.

Le blianta beaga anuas, thug an tAontas agus Meicsiceo i gcrích, de bhreis ar an gComhaontú Iltíreach, roinnt comhaontuithe earnálacha déthaobhacha, lena n-áirítear an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo maidir le haitheantas frithpháirteach agus cosaint do dheochanna biotáille arna shíniú sa Bhruiséil an 27 Bealtaine 1997 ('Comhaontú 1997 maidir le Biotáille')[5].

Déantar Comhaontú 1997 maidir le Biotáille a ionchorprú in CIN. Na comhaontuithe earnálacha eile nach dtagann faoi raon feidhme CIN, fanfaidh siad i bhfeidhm mar chomhaontuithe ar leithligh.

[4] IO L 66, 12.3.2005, lgh. 15–21.
[5] IO L 152, 11.6.1997, lgh. 16–26.

Ón dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm go hiomlán, tiocfaidh CIN in ionad na gconarthaí déthaobhacha infheistíochta idir Meicsiceo agus Ballstáit den Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn 10 C de CIN agus glacfaidh sé áit na gconarthaí sin.

Tá CIN go hiomlán i gcomhréir le fís fhoriomlán an Aontais le haghaidh a chomhpháirtíochta le Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib mar a leagtar amach sa Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir le Clár Oibre Nua don Chaidreamh idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib, a glacadh an 7 Meitheamh 2023.

Ina theannta sin, tá an colún trádála agus infheistíochta de CIN i gcomhréir leis an 'Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála - Beartas Trádála atá Oscailte, Inbhuanaithe agus Treallúsach', a foilsíodh i mí Feabhra 2021, lena ndéantar beartas trádála agus infheistíochta a dhaingniú le caighdeáin agus luachanna Eorpacha agus uilíocha, maille le príomhleasanna eacnamaíocha, agus béim níos mó á leagan ar fhorbairt inbhuanaithe, ar chearta an duine, ar imghabháil cánach, ar chosaint tomhaltóirí, agus ar thrádáil fhreagrach agus chóir.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá CIN go hiomlán comhsheasmhach le beartais an Aontais Eorpaigh agus ní chuirfidh sé de cheangal ar an Aontas Eorpach leasú a dhéanamh ar a rialacha, ar a rialacháin ná ar a chaighdeáin in aon earnáil rialaithe, e.g. rialacha teicniúla agus caighdeáin táirgí, rialacha sláintíochta agus fíteasláintíochta, rialacháin maidir le bia agus sábháilteacht, caighdeáin slándála agus sábháilteachta, rialacha maidir le horgánaigh ghéinmhodhnaithe, cosaint an chomhshaoil nó cosaint tomhaltóirí.

Tá caibidil in CIN freisin maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe, lena nasctar an Comhaontú le cuspóirí foriomlána an Aontais maidir le forbairt inbhuanaithe agus cuspóirí sonracha i réimsí an tsaothair, an chomhshaoil agus an athraithe aeráide.

Thairis sin, le CIN, tugtar cosaint iomlán do sheirbhísí poiblí agus áirithítear leis go gcaomhnaítear go hiomlán ceart na rialtas rialáil a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail agus gur bunphrionsabal den Chomhaontú é an ceart sin.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí don nós imeachta**

I gcomhréir le hAirteagal 218(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), i gcás nach mbaineann an comhaontú atá beartaithe go heisiach ná go príomha leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála, go gcuirfidh an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle. Glacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údaraítear síniú an chomhaontaithe.

De bhun Airteagal 218(6) CFAE, i gcás nach mbaineann an comhaontú go heisiach leis an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES), ní fhéadfaidh an Chomhairle an cinneadh lena dtabharfar an Comhaontú i gcrích a ghlacadh ach amháin tar éis di toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa (Airteagal 218(6)(a) CFAE) nó tar éis di dul i dteagmháil le Parlaimint na hEorpa (Airteagal 218(6)(b) CFAE).

Ó tharla gurb iad Airteagal 91, Airteagal 100(2), Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, agus Airteagal 209(2) CFAE an bunús dlí substainteach, glacfaidh an Chomhairle an cinneadh lena dtabharfar an comhaontú i gcrích tar éis di toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

Ba cheart Airteagal 218(7) CFAE a chur leis freisin mar bhunús dlí toisc gurb iomchuí don Chomhairle údarú a thabhairt don Choimisiún seasamh an Aontais maidir le modhnuithe áirithe ar CIN a fhormheas. Ba cheart an Coimisiún a údarú le modhnuithe nó ceartúchán a fhormheas, ar modhnuithe nó ceartúcháin iad a ghlacfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach de bhun:

- Airteagal 2.22(4) (Cleachtais Fíoneolaíochta) a mhéid a bhaineann le sainmhínithe ar tháirgí, cleachtais fíoneolaíochta agus srianta a áirítear i gCuid A agus Cuid B d'Iarscríbhinn 2- E (Bearta Ábhartha maidir le Táirgí Fíona agus Biotáillí).
- Airteagal 2.24(8) (Deimhniú Táirgí Fíona agus Biotáillí) a mhéid a bhaineann le doiciméadacht agus deimhniú dá dtagraítear i gCuid D (Doiciméadacht agus Deimhniú) d'Iarscríbhinn 2- E (Bearta Ábhartha maidir le Táirgí Fíona agus Biotáillí).
- Airteagal 21.18 (Modhnuithe agus Ceartúcháin ar Chumhdach) a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinní 21-A agus 21-B ina leagtar amach gealltanais gach Páirtí maidir le soláthar faoi chumhdach.
- Airteagal 25.35 (Leasú ar Liosta na dTásc Geografach) a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn 25- B (Liosta na dTásc Geografach) agus Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Comhaontú Biotáille 1997, a ionchorpraítear sa Chomhaontú seo, ina liostaítear Tásca Geografacha an Aontais agus Mheicsiceo.

Dá bhrí sin, is iad Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a) CFAE agus Airteagal 218(7) CFAE na bunúis dlí nós imeachta don chinneadh beartaithe lena dtabharfar CIN i gcrích.

- **Bunús dlí substainteach**

Cumhdaíonn CIN réimsí a thagann faoi raon feidhme an chomhbheartais tráchtála, an iompair agus an chomhair um fhorbairt. Is iad na bunúis dlí shubstainteacha ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagail 91, 100(2), 207(4), an chéad fhomhír, agus 209(2) CFAE.

Dá bhrí sin, is iad Airteagal 91 CFAE, Airteagal 100(2) CFAE, Airteagal 207(4), an chéad fhomhír CFAE agus Airteagal 209(2) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) CFAE agus 218(7) CFAE is ceart a bheith ina mbunúis dlí don chinneadh atá beartaithe.

I bhfianaise ábhar an chomhaontaithe atá beartaithe, is iomchuí don Choimisiún an togra a chur faoi bhráid na Comhairle.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

An 4 Bealtaine 2016, d'údaraigh Comhairle an Aontais Eorpaigh an Coimisiún Eorpach agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála le comhaontú nuachóirithe a chaibidliú le Meicsiceo a thiocfadh in ionad an Chomhaontaithe Iltírigh. Measadh go raibh gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais níos éifeachtaí ná gníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta.

- **Comhréireacht**

Leis an tionscnamh seo, saothraítear go díreach cuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais agus rannchuidítear leis an tosaíocht pholaitiúil 'an tAontas Eorpach a bheith ina ghníomhaí domhanda níos láidre'. Is i gcomhréir le treoshuíomhanna Straitéis Dhomhanda an

Aontais Eorpaigh atá sé dul i gcaidreamh le tíortha eile agus chomhpháirtíochtaí seachtracha an Aontais a athchóiriú ar bhealach freagrach, ionas go mbainfear amach tosaíochtaí seachtracha an Aontais. Cuireann sé le cuspóirí an Aontais maidir le trádáil agus maidir le comhar eacnamaíoch agus teicniúil le tríú tíortha.

Rinneadh caibidlíocht do CIN i gcomhréir leis na treoracha caibidlíochta arna leagan amach ag an gComhairle. Ní théann toradh na caibidlíochta thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí beartais a leagtar amach sna treoracha caibidlíochta a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Tíolactar an togra seo le haghaidh cinneadh ón gComhairle i gcomhréir le mír 6 d'Airteagal 218 CFAE, lena bhforáiltear go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena dtabharfar comhaontú idirnáisiúnta i gcrích tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa. Níl aon ionstraim dlí eile ann a d'fhéadfaí a úsáid chun an cuspóir a chuirtear in iúl sa togra seo a bhaint amach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

A mhéid a bhaineann leis na forálacha maidir le trádáil, choimisiúnaigh an Coimisiún measúnú ar shé chomhaontú saorthrádála de chuid an Aontais (lena n-áirítear an ceann le Meicsiceo) agus rinneadh é sin i mí Feabhra 2011. In 2016, cuireadh i gcrích meastóireacht *ex post* ar cholún trádála an Chomhaontaithe Iltírigh atá ann faoi láthair mar aon le measúnú *ex ante* inar féachadh ar na roghanna le haghaidh nuachóiriú.

Léirigh an anailís ar an gComhaontú Iltíreach gur cumhdaíodh an colún trádála ar bhealach cuimsitheach an tráth sin ach go raibh deis ann mar sin féin tuilleadh feabhsuithe a chur ar na rialacha agus tuilleadh rochtain ar an margadh a bhaint amach. Tháinig sé ar an gconclúid freisin gur ghá an Comhaontú Iltíreach a thabhairt cothrom le dáta chun forbairtí i dtimpeallacht na trádála domhanda a chur san áireamh.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

An conraitheoir le haghaidh na staidéar seachtrach chun tacú leis an nuachóiriú, d'eagraigh sé roinnt gníomhaíochtaí comhairliúcháin agus for-rochtana, lena n-áirítear: (i) suíomh gréasáin tiomnaithe do dhoiciméid agus gníomhaíochtaí a bhain leis na staidéir; (ii) suirbhé ar líne ar pháirtithe leasmhara, a seoladh i mí Dheireadh Fómhair 2014; (iii) ceardlann do pháirtithe leasmhara áitiúla i Meicsiceo, a reáchtáladh i mí Iúil 2015; agus (iv) agallaimh duine le duine.

Mar chuid den Mheasúnú Tionchair, chuaigh Ard-Stiúrthóireacht na Trádála i gcomhairle le páirtithe leasmhara maidir leis an nuachóiriú, lena n-áirítear gnólachtaí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, ceardchumainn, comhlachais trádála agus leasanna príobháideacha eile. Is éard a bhí i gceist leis na comhairliúcháin sin le páirtithe leasmhara roinnt gníomhaíochtaí comhairliúcháin lena n-áirítear comhairliúchán poiblí oscailte ar líne (a seoladh i mí Iúil 2015).

Na staidéir sheachtracha, an Measúnú Tionchair agus na comhairliúcháin a rinneadh i gcomhthéacs an ullmhúcháin, chuir siad ionchur ar fáil don Choimisiún a bhí an-luachmhar sa chaibidlíocht le haghaidh an Chomhaontaithe Iltírigh Nuachóirithe.

Le linn na caibidlíochta, tionóladh cruinnithe freisin chun eagraíochtaí sochaí sibhialta a chur ar an eolas faoi stádas na caibidlíochta agus chun tuairimí a mhalartú maidir leis an nuachóiriú (cruinnithe i mí Aibreáin agus i mí na Samhna 2017 sa Bhruiséil agus i mí Iúil 2017 i gCathair Mheicsiceo).

Rinneadh caibidlíocht i gcomhairle le Meitheal na Comhairle um Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib maidir leis na gnéithe polaitiúla agus comhair den Chomhaontú seo, agus i gcomhairle leis an gCoiste um an mBeartas Trádála maidir leis na gnéithe trádála den Chomhaontú seo, ós é atá ina choiste speisialta arna ainmniú ag an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 218(4) CFAE. Cuireadh Parlaimint na hEorpa agus Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar an eolas go tráthrialta freisin tríd an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, go háirithe a Ghrúpa Faireachán ar Mheicsiceo, agus tríd an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha. Na téacsanna a tháinig as an gcaibidlíocht de réir a chéile, scaipeadh iad ar an dá institiúid le linn an phróisis caibidlíochta.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Is é 'Ecorys' an conraitheoir seachtrach a rinne an mheastóireacht '*ex post*' ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas agus Meicsiceo.

Is é 'LSE Enterprise' an conraitheoir seachtrach a rinne '*Measúnú Tionchair Inbhuanaitheachta*' chun tacú leis an gcaibidlíocht le haghaidh an nuachóirithe ar cholún trádála an Chomhaontaithe Iltírigh le Meicsiceo.

- **Measúnú tionchair**

Thacaigh Measúnú Tionchair a foilsíodh i mí Eanáir 2016 [6]agus a fuair tuairim dhearfach[7] leis an togra.

Thángthas ar an gconclúid sa Mheasúnú Tionchair go rachadh caibidlíocht chuimsitheach chun tairbhe don Aontas agus do Mheicsiceo araon. I measc na dtairbhí sin bhí méaduithe ar OTI, ar leas sóisialta agus ar onnmhairí, ar fhostaíocht, ar phá (d'fhostaithe ar bheagán oiliúint agus d'fhostaithe atá níos oilte araon), ar iomaíochas, chomh maith le staid fheabhsaithe don Aontas agus do Mheicsiceo araon i ndáil le hiomaitheoirí domhanda eile. Bheadh tionchar dearfach ag forálacha maidir le forbairt inbhuanaithe ar chur chun cinn agus ar urramú chearta an duine chomh maith le cur chun feidhme éifeachtach chroíchaighdeáin saothair na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS), agus ar an dul chun cinn atá déanta i dtreo dhaingniú Choinbhinsiún bunúsach EIS maidir leis an gceart eagrúcháin agus cómhargála nach bhfuil daingnithe go fóill ag Meicsiceo.

Ina theannta sin, leis an Measúnú Tionchair Inbhuanaitheachta a rinneadh le linn na caibidlíochta, cuirtear measúnú cuimsitheach ar fáil ar na tionchair eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ag baint le léirscaoileadh trádála faoi CIN san Aontas agus i Meicsiceo. Déantar anailís sa Measúnú Tionchair Inbhuanaitheachta freisin ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an nuachóiriú ar chearta an duine agus ar na hearnálacha monaraíochta, talmhaíochta agus seirbhísí. Tá na téarmaí tagartha, an tuarascáil eatramhach agus an tuarascáil chríochnaitheach ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála:

http://ec.europa.eu/trade/policy/policy-making/analysis/policy-evaluation/sustainability-impact-assessments/index_ga.htm

[6] http://ec.europa.eu/smart-regulation/impact/ia_carried_out/docs/ia_2015/swd_2015_0290_en.pdf.
[7] http://ec.europa.eu/smart-regulation/impact/ia_carried_out/docs/ia_2015/sec_2015_0498_en.pdf.

Tá an tAontas agus Meicsiceo tagtha ar chomhaontú uaillmhianach i gcomhréir leis na comhaontuithe trádála is déanaí amhail na cinn atá tugtha i gcrích ag an Aontas le Ceanada, leis an tSeapáin, leis an Nua-Shéalainn agus leis an tSile. Leis an gComhaontú cuirfear deiseanna nua ar fáil don trádáil agus don infheistíocht sa dá mhargadh agus tacófar le poist san Aontas.

Le CIN, déanfar, *inter alia*, an chuid is mó de na dleachtanna custaim a bhaint, an rochtain ar chonarthaí poiblí a leathnú, an margadh seirbhísí a oscailt agus dálaí intuartha a chur ar fáil d’infheisteoirí, agus cuideofar ó thaobh cosc a chur ar aithris neamhdhleathach ar nuálaíochtaí agus táirgí traidisiúnta de chuid an Aontais. Cuimsítear in CIN freisin na ráthaíochtaí uile chun a áirithiú nach rud iad na gnóthachain eacnamaíocha a dhéanfaidh dochar do chearta bunúsacha, caighdeáin shóisialta, an ceart atá ag rialtais rialú a dhéanamh, an chosaint chomhshaoil, nó sláinte agus sábháilteacht tomhaltóirí.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl CIN faoi réir nósanna imeachta REFIT. Mar sin féin, tá creat ann le haghaidh nósanna imeachta simplithe um thrádáil agus infheistíocht, agus laghdú ar chostais onnmhairiúcháin agus infheistíochta agus, dá bhrí sin, fágfaidh sé go mbeidh tuilleadh deiseanna trádála agus infheistíochta ann d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) sa dá mhargadh. I measc na dtairbhí a bhfuil coinne leo tá (i) trédhearcacht mhéadaithe; (ii) rialacha teicniúla, ceanglais chomhlíontachta, nósanna imeachta custaim agus rialacha tionscnaimh atá níos simplí; (iii) cosaint fheabhsaithe do chearta maoine intleachtúla agus do thásca geografacha; (iv) cosaint infheistíochta; (v) rochtain níos fearr ar thairiscintí soláthair rialtais; agus (vi) caibidil speisialta chun cuidiú le FBManna na deiseanna a chuirtear fáil faoin gComhaontú a thapú.

- **Cearta bunúsacha**

Ní dhéanann an togra difear do chosaint chearta bunúsacha an Aontais Eorpaigh. A mhalairt ar fad atá i gceist, tá sé beartaithe ag na Páirtithe oibriú i gcomhar maidir le cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint, lena n- áirítear maidir le daingniú agus cur chun feidhme ionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine, agus maidir le prionsabail dhaonlathacha agus an smacht reachta a neartú, comhionannas inscne a chur chun cinn agus idirdhealú de gach cineál a chomhrac.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheadh ach éifeacht an-teoranta ag nuachóiriú cholún trádála an Chomhaontaithe Iltírigh ar na buiséid náisiúnta agus ar bhuiséad an Aontais, go háirithe trí chaillteanas acmhainní dílse i bhfoirm dleachtanna custaim ligthe thar ceal, toisc go bhfuil deireadh curtha leis an gcuid is mó de na dleachtanna custaim cheana féin faoin gComhaontú Iltíreach atá i bhfeidhm faoi láthair. D’fhéadfadh an caillteanas ó ioncam taraife a bheith thart ar EUR 18,75 milliún bunaithe ar na sreafaí trádála atá ann faoi láthair. Tá coinne le tionchair dhearfacha indíreacha ó thaobh méaduithe ar acmhainní atá nasctha le cáin bhreisluacha agus le hollioncam náisiúnta.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Cuimsíonn CIN forálacha institiúideacha lena mbunaítear comhlachtaí a bhfuil sé de chúram orthu faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme, oibriú agus tionchar an Chomhaontaithe.

Maidir leis an gcuid pholaitiúil agus comhair, ionchorpraíonn CIN an Cruinniú Mullaigh idir an tAontas agus Meicsiceo mar an leibhéal polaitiúil is airde idirphlé. Tá an struchtúr institiúideach comhdhéanta de Chomhairle Chomhpháirteach, Comhchoiste, Fochoiste um Fhorbairt agus Comhar Idirnáisiúnta, agus Fochoiste um Fhrith-Éilliú sa Trádáil agus san Infheistíocht. Féadfaidh an Comhchoiste fochoistí agus comhlachtaí eile a bhunú.

Leagtar amach sa Chomhaontú freisin feidhmeanna agus cúraimí sonracha na Comhairle Comhpháirtí agus an Chomhchoiste i gcumraíocht trádála, a dhéanfaidh faireachán leanúnach ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm na coda trádála agus infheistíochta den Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach Pholaitiúil, Eacnamaíoch agus Chomhair.

Tabharfaidh an Comhchoiste cúnamh don Chomhairle Chomhpháirteach i gcomhlíonadh a feidhme maidir le hábhair a bhaineann le trádáil agus déanfaidh sé maoirseacht ar obair na bhfochoistí agus na gcomhlachtaí eile uile a bunaíodh faoin gcuid trádála den Chomhaontú maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach Pholaitiúil, Eacnamaíoch agus Chomhair. Beidh an Comhchoiste i gcumraíocht trádála comhdhéanta d'ionadaithe ón Aontas atá freagrach as ábhair a bhaineann le trádáil agus d'ionadaithe ó Aireacht Gheilleagair Mheicsiceo, a thiocfaidh le chéile gach bliain nó arna iarraidh sin do cheachtar den dá thaobh.

Bunófar na fochoistí agus na comhlachtaí eile seo a leanas faoi choimirce an Chomhchoiste i gcumraíocht trádála: (a) An Coiste um Thrádáil Earraí; (b) An Fochoiste um Thalmhaíocht; (c) An Fochoiste um Thrádáil i bhFíonta agus Biotáillí; (d) An Fochoiste um Chustam, Éascú Trádála agus Rialacha Tionscnaimh; (e) An Fochoiste um Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta; (f) An Mheitheal Chomhpháirteach maidir le Leas Ainmhithe agus Frithsheasmhacht in Aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha; (g) An Fochoiste um Bacainní Teicniúla ar Thrádáil; (h) An Fochoiste um Sheirbhísí agus Infheistíocht; (i) An Fochoiste um Sheirbhísí Airgeadais; (j) An Fochoiste um Sholáthar Poiblí; (K) An Fochoiste um Maoin Intleachtúil; (l) An Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leathnaíonn CIN raon feidhme an chreata dhéthaobhaigh atá ann faoi láthair agus cuireann sé in oiriúint é do na dúshláin pholaitiúla agus eacnamaíocha nua dhomhanda, do réaltacht nua na comhpháirtíochta idir an tAontas agus Meicsiceo agus do leibhéal uaillmhéine na gcomhaontuithe arna tabhairt i gcrích agus na caibidlíochta a rinneadh idir an tAontas agus Meicsiceo le déanaí.

Cruthaíonn CIN creat comhleanúnach, cuimsitheach, cothrom le dáta atá ceangailteach ó thaobh an dlí de do chaidreamh trádála an Aontais le Meicsiceo. Is é is cuspóir dó comhpháirtíocht straitéiseach neartaithe a bhunú, idirphlé polaitiúil a threisiú, agus an comhar maidir le saincheisteanna leasa fhrithpháirtigh a dhoimhniú agus a fheabhsú. An tráth céanna, le CIN cothófar trádáil agus infheistíocht trí rannchuidiú le leathnú agus le héagsúlú an chaidrimh eacnamaíoch agus trádála.

Den chéad uair riamh, cuimsíonn CIN sásra comhairliúcháin leis an tsochaí shibhialta a leathnaítear chun an Comhaontú ina iomláine a chumhdach, chun go mbeidh an tsochaí shibhialta ar an dá thaobh in ann a guth a chur in iúl maidir le forálacha uile an

Chomhaontaithe, lena n-áirítear na forálacha a bhaineann le cearta an duine sa chuid pholaitiúil de.

Tá clásal athbhreithniúcháin in CIN chun go bhféadfar gnéithe sonracha áirithe den Chomhaontú a phlé arís trí bliana tar éis dó teacht i bhfeidhm.

Tá an CIN roinnte ina cheithre chuid. Tá cuspóirí agus prionsabail ghinearálta an Chomhaontaithe leagtha amach i gCuid I (Forálacha Ginearálta). Is gnéithe bunriachtanacha de CIN iad urraim do phrionsabail an daonlathais, do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha, urraim do phrionsabal an smachta reachta agus don chlásal maidir le neamhleathadh arm ollscriosta.

I gCuid II (Idirphlé Polaitiúil agus Comhar), gabhann an tAontas agus Meicsiceo orthu féin an t-idirphlé a dhoimhniú agus dul i mbun comhair sna réimsí seo a leanas:

- idirphlé polaitiúil, síocháin agus slándáil idirnáisiúnta
- eagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha
- saoirse, slándáil agus ceartas
- forbairt inbhuanaithe
- an comhshaol, an t-athrú aeráide agus fuinneamh
- talmhaíocht, gnóthaí muirí agus iascaigh
- beartas eacnamaíoch
- oideachas, cultúr agus saincheisteanna sóisialta
- taighde, nuálaíocht agus an geilleagar digiteach.

Cuirtear béim ar réimse leathan saincheisteanna ríthábhachtacha, lena n-áirítear an smacht reachta, cearta an duine agus comhionannas inscne, imirce, drugaí agus coireacht eagraithe thrasnáisiúnta, cosaint an chomhshaoil, an t-athrú aeráide, fuinneamh in-athnuaite, rialachas na n-aigéan, iompar sóisialta corparáideach, an claochlú digiteach, agus taighde agus nuálaíocht. Le forálacha i gCuid II cumasófar gníomhaíocht níos comhordaithe agus níos comhchoitinne i réimsí nua amhail an tsláinte phoiblí, nuachóiriú stáit, bainistiú sreafaí imirce, neamhleathadh arm ollscriosta, sciúradh airgid nó maoiniú na sceimhlitheoireachta agus cibearchoireacht.

Mar thoradh air sin, beidh comhpháirtíocht níos láidre ann ar an leibhéal domhanda (e.g. maidir le Clár Oibre 2030, an ghníomhaíocht in aghaidh an athraithe aeráide, agus rialachas na n-aigéan) agus maidir le saincheisteanna a bhaineann le rialachas daonlathach domhanda agus cearta an duine, imirce, síocháin agus slándáil.

Tá forálacha i gCuid II freisin chun an t-idirphlé agus an comhar maidir le saincheisteanna frithéillithe a dhoimhniú. Den chéad uair riamh, tá Prótacal sa Chomhaontú ina bhfuil forálacha chun éilliú sa trádáil agus san infheistíocht a chomhrac agus a chosc.

Tá sé beartaithe le forálacha an Phrótacail seo éilliú sa trádáil agus san infheistíocht a chosc trí bhearta éagsúla, go háirithe trí ionracas a chur chun cinn san earnáil phríobháideach agus phoiblí, dlús a chur le rialuithe inmheánacha, iniúchóireacht sheachtrach agus tuairisciú airgeadais, agus an comhrac in aghaidh an éillithe atá á shaothrú cheana féin trí choinbhinsiúin idirnáisiúnta a neartú, go háirithe Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe (UNCAC).

I ndáil leis an méid sin, athdhearbhaíonn na Páirtithe a dtiomantas cion coiriúil a dhéanamh den éilliú i gcás oifigigh rialtais agus machnamh a dhéanamh freisin ar chion a dhéanamh den éilliú i gcás gnólachtaí. D'aontaigh an dá thaobh le disciplíní áirithe chun dul i ngleic leis an sciúradh airgid.

Cuireann an Prótacal rannpháirtíocht ghníomhach na sochaí sibhialta chun cinn freisin i gcosc agus i gcomhrac an éillithe. Ina theannta sin, déantar foráil ann maidir le sásra comhairliúcháin má bhíonn easaontas ann maidir le léirmhíniú nó cur chun feidhme na bhforálacha frithéillithe.

I gCuid III (Trádáil agus Infheistíocht), i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar síos sna treoracha caibidlíochta, féachfaidh CIN leis na haidhmeanna a liostaítear thíos a chomhlíonadh.

**Rochtain thábhachtach ar an margadh a chur ar fáil le haghaidh onnmhairí talmhaíochta agus iascaigh agus rialacha feabhsaithe**

Faoin gComhaontú Iltíreach atá ann faoi láthair, bhí gach earra tionsclaíoch agus méid suntasach táirgí talmhaíochta agus iascaigh léirscaoilte cheana féin. Leis an nuachóiriú, déanann an Chaibidil maidir le Trádáil Earraí léirscaoileadh iomlán ar níos mó ná 98,7 % de na línte taraife uile agus cuirtear deireadh le 95 % de tharaifí Mheicsiceo atá fágtha ar tháirgí talmhaíochta.

Tá rialacha breise agus níos fairsinge sa téacs maidir le Trádáil Earraí freisin lena n-éascófar trádáil idir an tAontas agus Meicsiceo. Áirítear leis sin forálacha maidir le táillí agus foirmiúlachtaí, ceadúnú allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin, dleachtanna ar onnmhairí a thoirmeasc, agus taraifí a cheangal nach bhfuil sé beartaithe deireadh iomlán a chur le dleacht ina leith (neamhghníomhaíochta). Tá forálacha nuaghlúine ann freisin maidir le hiomaíocht onnmhairiúcháin, athmhonarú agus earraí a thagann isteach tar éis deisiúcháin agus forálacha maidir le cead isteach sealadach earraí a éascú.

**Rialacha Tionscnaimh a shimpliú**

Rinneadh athbhreithniú ar na Rialacha Tionscnaimh agus, i gcásanna áirithe, simplíodh iad chun an gá atá leis an tionscal a chur san áireamh, mar shampla, le haghaidh príomhtháirgí tionsclaíocha amhail gluaisteáin agus cógaisíocht.

**Nósanna imeachta teorann a nuachóiriú agus a shimpliú**

Tá Caibidil uaillmhianach in MGA maidir le hÉascú Custaim agus Trádála bunaithe ar fhorálacha Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le hÉascú Trádála agus téann sé níos faide fós i réimsí áirithe. Geallann an tAontas agus Meicsiceo nósanna imeachta simplithe, nua-aimseartha agus, i gcás inar féidir, uathoibrithe a chur i bhfeidhm chun earraí a scaoileadh go héifeachtúil agus go gasta trí cheanglais chuíchóirithe maidir le sonraí agus doiciméadacht, trí phróiseáil réamhtheachta doiciméad agus faisnéise custaim, agus trí bhainistiú riosca éifeachtach agus neamh-idirdhealaitheach.

**Dálaí córa a áirithiú le haghaidh trádála agus gnó**

Chun bheith in ann déileáil go héifeachtúil agus go héifeachtach le cleachtais éagóracha trádála, comhaontaíodh disciplíní feabhsaithe maidir le leigheasanna trádála. Ina theannta sin, tá forálacha in CIN chun tionscail intíre a chosaint i gcás ina bhfuil méadú ar allmhairí táirge a eascraíonn as an gComhaontú ina gcúis le mórdhíobháil, nó i gcás ina bhfuil baol ann go ndéanfaidh siad mórdhíobháil, don tionscal sin. Tá caibidil maidir le fóirdheontais in CIN freisin a chuidíonn ó thaobh cothrom iomaíochta a bhaint amach idir cuideachtaí an Aontais agus cuideachtaí Mheicsiceo trí (i) trédhearcacht mhéadaithe maidir le fóirdheontais d'earraí agus do sheirbhísí araon; (ii) comhairliúcháin i gcás ina bhfuil an baol ann go mbeidh tionchar

diúltach ag fóirdheontais ar thrádáil; agus (iii) rialacha maidir leis na fóirdheontais is díobhálaí (cabhair um athstruchtúrú gan plean athstruchtúrúcháin agus ráthaíochtaí neamhtheoranta).

Cinntíonn CIN freisin go n-urramaíonn cuideachtaí bunphrionsabail na hiomaíochta: gan aon mhí-úsáid ceannasachta, gan aon chomhaontú idir cuideachtaí lena gcuirtear srian ar iomaíocht, agus grinnscrúdú ar éifeachtaí iomaíocha a bhaineann le cumasc. San am céanna, áiritheoidh CIN cothrom iomaíochta idir cuideachtaí poiblí agus príobháideacha ar an margadh. Ní mór d'fhiontair faoi úinéireacht stáit, d'fhiontair dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta, agus do mhonaplachtaí ainmnithe gníomhú ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus i gcomhréir le breithnithe tráchtála agus earraí agus seirbhísí á gceannach agus á ndíol acu ar an margadh.

**Trádáil agus infheistíocht in amhábhair chriticiúla a fheabhsú**

Coinníonn CIN trádáil saor ó tharaifí ar amhábhair chriticiúla, rud a chinntíonn rochtain níos saoire agus costais laghdaithe do na hábhair sin atá riachtanach d'aistriú glas agus d'aistriú digiteach an Aontais. Thairis sin, cuirfidh an comhaontú nua toirmeasc ar mhonaplachtaí onnmhairiúcháin agus ar idirghabháil rialtais gan údar i socrú praghsanna amhábhar agus cuirfidh sé toirmeasc ar onnmhairiú nó ar dhéphraghsáil i gcás ina socraítear praghsanna onnmhairiúcháin os cionn praghsanna intíre. Tá forálacha sonracha leagtha síos freisin maidir le comhar le Meicsiceo sna slabhraí luacha amhábhar.

**Inbhuanaitheacht agus comhionannas inscne a áirithiú**

Tá Caibidil uaillmhianach agus chuimsitheach sa Chomhaontú maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe, chun forbairt inbhuanaithe a chomhtháthú ar bhealach níos fearr i gcaidreamh trádála agus infheistíochta na bPáirtithe trí (i) ghealltanais atá ceangailteach ó thaobh an dlí maidir le cosaint an chomhshaoil, an t-athrú aeráide agus cearta saothair; (ii) forálacha maidir le comhar agus idirphlé lena n-áirítear leis an tsochaí shibhialta; agus (iii) nósanna imeachta um réiteach díospóidí. Áirítear sa chaibidil sin freisin clásal athbhreithnithe lena gceanglaítear ar na Páirtithe plé a dhéanamh ar fheabhsuithe breise a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na forálacha inbhuanaitheachta, lena n-áirítear foráil a dhéanamh maidir le frithbhearta i gcás sáruithe agus an fhéidearthacht Comhaontú Pháras a áireamh mar ghné bhunriachtanach de CIN. Seolfar an t-athbhreithniú nuair a thiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm agus ba cheart é a thabhairt i gcrích laistigh de 12 mhí.

Tháinig na Páirtithe ar chomhaontú freisin maidir le Dearbhú Comhpháirteach maidir le trádáil agus comhionannas inscne lena n-áirítear forálacha maidir le cur chun feidhme éifeachtach na n-oibleagáidí idirnáisiúnta lena dtugtar aghaidh ar chomhionannas inscne agus ar chearta na mban, agus comhar a neartú maidir le gnéithe de bheartais agus de bhearta comhionannais inscne a bhaineann le trádáil. Tá an Dearbhú Comhpháirteach ina chuid dhílis den Chomhaontú.

**Díriú ar riachtanais gnólachtaí beaga**

Le CIN, cuirtear de cheangal ar an Aontas agus ar Mheicsiceo suíomh gréasáin a chur ar bun do FBManna, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos éasca do FBManna rochtain a fháil ar fhaisnéis agus, dá bhrí sin, tairbhe a bhaint as forálacha uile an Chomhaontaithe. Oibreoidh pointí teagmhála san Aontas agus i Meicsiceo le chéile chun riachtanais shonracha FBManna a chur san áireamh agus chun bealaí a shainaithint ar féidir leo leas a bhaint as deiseanna nua i ngach margadh.

**Deiseanna a chur ar fáil do sholáthróirí seirbhíse agus rialacha maidir le trádáil dhigiteach**

Tá disciplíní cuimsitheacha in CIN lena gcumhdaítear rochtain ar an margadh do sheirbhísí agus infheistíocht i ngach earnáil den gheilleagar, agus disciplíní sonracha lena gcumhdaítear an trádáil dhigiteach. Is é is aidhm dó cothrom iomaíochta a chruthú, go háirithe do sholáthraithe seirbhíse an Aontais a bhfuil baint acu le hearnálacha amhail an teileachumarsáid agus seirbhísí airgeadais, agus i réimsí amhail seirbhísí seachadta agus seirbhísí muirí. Cuireann CIN creat ar fáil freisin do na Páirtithe chun aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí a chéile i ngairmeacha rialaithe amhail ailtirí, cuntasóirí, dlíodóirí agus innealtóirí amach anseo. Sa trádáil dhigiteach, bunaítear leis an gComhaontú disciplíní a bhfuil feidhm chothrománach acu (maidir le trádáil earraí, seirbhísí, etc. ar líne) agus atá fíor-riachtanach d'fheidhmiú cuí na trádála ar líne.

**Infheistíocht a spreagadh**

Tá forálacha in CIN lena léirscaoiltear infheistíocht, agus an cur chuige céanna a leagtar amach sna comhaontuithe trádála is uaillmhianaí de chuid an Aontais a tugadh i gcrích go dtí seo á leanúint. Go háirithe, beidh feidhm ag na disciplíní substainteacha uile faoin gcaibidil sin maidir leis na hearnálacha seirbhísí agus neamhsheirbhísí araon. Go háirithe, beidh infheisteoirí agus a n-infheistíochtaí in ann tairbhe a bhaint as (i) an gealltanas cóir neamh-idirdhealaitheach a sholáthar i gcomparáid le hinfheisteoirí agus infheistíochtaí intíre nó tríú tíortha; (ii) na disciplíní uaillmhianacha maidir le rochtain ar an margadh (aghaidh a thabhairt ar shrianta cainníochtúla amhail monaplachtaí agus cearta eisiacha, cuótaí, agus tástálacha ar riachtanais eacnamaíocha); agus (iii) ceanglais feidhmíochta áirithe a thoirmeasc. Maidir le hearnáil an fhuinnimh, áirithítear le CIN go gcuirfear prionsabal an Náisiúin Barrfhabhair i bhfeidhm i gcás comhaontuithe saorthrádála atá déanta ag Meicsiceo nó a dhéanfaidh Meicsiceo amach anseo. Dá bhrí sin, áirithítear leis an gcomhaontú go gcaithfear le hinfheisteoirí an Aontais ar aon dul le hinfheisteoirí ó chomhpháirtithe trádála fabhracha eile de chuid Mheicsiceo.

**Réiteach trédhearcach agus cuntasach ar dhíospóidí a áirithiú trí Chóras Cúirte Infheistíochta**

Cuimsíonn CIN na nuálaíochtaí uile a bhaineann le cur chuige nua an Aontais i leith infheistíocht agus a shásra um réiteach díospóidí, rud a chomhlíonann ionchais na bpáirtithe leasmhara maidir le córas níos cothroime, níos trédhearcaí agus níos institiúidithe chun díospóidí infheistíochta a réiteach. Tugtar isteach leis nuálaíochtaí tábhachtacha sa réimse seo, lena n-áirithítear ardleibhéal cosanta d'infheisteoirí agus, san am céanna, caomhnaítear go hiomlán leis an ceart atá ag rialtais cuspóirí dlisteanacha beartais phoiblí a rialáil agus a shaothrú, amhail cosaint na sláinte, na sábháilteachta nó an chomhshaoil. Cuireann sé deireadh le débhríochtaí a d'fhág go raibh an seanchóras oscailte do mhí-úsáid nó do léirmhínithe iomarcacha agus lena gcruthaítear córas neamhspleách cúirte infheistíochta, ina bhfuil binse buan agus binse achomhairc a sheolfaidh imeachtaí um réiteach díospóidí ar bhealach trédhearcach agus neamhchlaonta.

**Rochtain a thabhairt ar thairiscintí poiblí Mheicsiceo**

Cuireann CIN níos mó deiseanna ar fáil do thairgeoirí le haghaidh conarthaí soláthair phoiblí. D'oscail Meicsiceo a thairiscintí rialtais do chuideachtaí an Aontais níos mó ná d'aon cheann eile dá chomhpháirtithe trádála. Beidh cuideachtaí an Aontais in ann tairiscint a dhéanamh chun earraí agus seirbhísí a sholáthar ní hamháin ar an leibhéal feidearálach ach freisin do na stáit Mheicsiceo is tábhachtaí ó thaobh an gheilleagair de, agus is iad na chéad chuideachtaí neamh-Mheicsiceacha a bheidh in ann é sin a dhéanamh. Geallann an tAontas agus Meicsiceo freisin go gcuirfidh siad a nósanna imeachta soláthair phoiblí faoi réir sraith nua-aimseartha rialacha, agus ardchaighdeáin trédhearcachta, neamh-idirdhealaithe agus córa comhionainne á gcur i bhfeidhm acu.

**Cosaint níos fearr a leagan síos don nuálaíocht agus do shaothair chruthaitheacha**

Cruthaíonn CIN cothrom iomaíochta trína áirithiú go leanfaidh Meicsiceo agus an tAontas cur chuige coiteann maidir le Cearta Maoine Intleachtúla (CMInna) a fhorfheidhmiú agus trína áirithiú go ngníomhóidh an dá thaobh chun góchumadh, píoráideacht agus cleachtais neamhiomaíocha a chomhrac. Áirithítear leis ardleibhéal cosanta agus forfheidhmithe maidir le CMInna. Áirítear leis freisin liosta roghnaithe de Thásca Geografacha (TGanna) de chuid an Aontais agus de chuid Mheicsiceo a chosaint go cómhalartach. I gcás an Aontais, cosnófar 336 TG de chuid an Aontais. Tá sé sin sa bhreis ar na tascanna geografacha de chuid an Aontais maidir le biotáillí atá cosanta cheana féin faoi Chomhaontú Biotáille AE-Meicsiceo 1997, atá ionchorpraithe in CIN agus a dhéantar cuid de CIN é, agus a mbeidh an leibhéal céanna cosanta acu.

**A áirithiú go ndéanfar táirgí agraibhia sábháilte a thrádáil gan aon srianta sláintíochta agus fíteashláintíochta nach bhfuil gá leo**

Cuimsíonn CIN Caibidil chuimsitheach maidir le saincheisteanna Sláintíochta agus Fíteashláintíochta (SFS), lena soláthraítear roinnt bearta sonracha um éascú trádála (lena n-áirítear deireadh a chur le réamh-imréiteach). Ba cheart go gcumasódh sé sin trádáil atá níos tapúla ach atá fós sábháilte. Coinníonn an tAontas agus Meicsiceo araon a gceart chun an leibhéal cosanta a mheasann siad a bheith iomchuí a shocrú.

**A áirithiú go bhfuil rialacháin theicniúla, caighdeáin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta neamh-idirdhealaitheach agus nach gcruthaíonn siad bacainní neamhriachtanacha ar thrádáil**

Athdhearbhaíonn CIN tiomantas an Aontais agus Mheicsiceo a rialacháin theicniúla a bhunú ar chaighdeáin idirnáisiúnta agus teacht ar chomhaontú maidir le liosta oscailte d’eagraíochtaí idirnáisiúnta a leagann síos caighdeáin. Maidir le measúnú comhréireachta, aithníonn CIN na cineálacha éagsúla cur chuige atá ag na Páirtithe maidir le measúnú comhréireachta agus a mbearta éascaithe trádála ábhartha: i gcás an Aontais, úsáid dhearbhú comhréireachta an tsoláthróra agus i gcás Mheicsiceo aitheantas do dheimhniúchán táirgí a dhéantar san Aontas.

**Trédhearcacht agus dea-chleachtais rialála a áirithiú**

Cuimsíonn CIN Caibidil maidir le Trédhearcacht ina bhfuil forálacha uaillmhianacha maidir le bearta a bhfuil feidhm ghinearálta acu a bhaineann le cúrsaí trádála a fhoilsiú, a riar, a athbhreithniú agus a achomharc, agus caibidil ina leagtar síos sraith dea-chleachtas rialála a úsáidfidh an tAontas agus Meicsiceo agus rialacháin á bhforbairt acu.

**Nósanna imeachta nua-aimseartha a chur chun feidhme maidir le réiteach díospóidí idir stáit**

Cuimsíonn CIN Caibidil maidir le Réiteach Díospóidí idir Stáit ina leagtar síos nósanna imeachta nua-aimseartha atá éifeachtach agus trédhearcach agus atá bunaithe ar phróis chuí chun aon díospóid idir Meicsiceo agus an tAontas a chosc agus a réiteach.

Leagtar struchtúr institiúideach an chaidrimh amach i gCuid IV (Forálacha Institiúideacha agus Críochnaitheacha). Cuireann Cuid IV le socruithe atá ann cheana agus ionchorpraíonn sé an Cruinniú Mullaigh idir an tAontas agus Meicsiceo mar an leibhéal polaitiúil is airde idirphlé. Tá an struchtúr institiúideach comhdhéanta de Chomhairle Chomhpháirteach, a dhéanann maoirseacht ar chomhlíonadh chuspóirí CIN agus a dhéanann maoirseacht ar a chur chun feidhme, agus Comhchoiste, a chuidíonn leis an gComhairle Chomhpháirteach a cuid

dualgas a chomhlíonadh agus a bheidh freagrach as cur chun feidhme ginearálta CIN, lena n-áirítear sainiú agus maoirseacht an idirphlé earnála.

Féadfaidh an Comhchoiste fochoistí agus comhlachtaí eile a chur ar bun chun cúnamh a thabhairt dó a fheidhmeanna a dhéanamh agus chun aghaidh a thabhairt ar chúraimí nó ar ábhair shonracha.

Is é an Comhchoiste Parlaiminteach an fóram chun teacht le chéile agus tuairimí a mhalartú agus chun caidreamh a chothú idir Feisirí de Pharlaimint na hEorpa agus comhaltaí Chomhdháil Mheicsiceo. Cruthóidh gach Páirtí grúpa comhairleach baile amháin nó níos mó chun comhairle a chur ar an bPáirtí lena mbaineann maidir le saincheisteanna a chumhdaítear leis an gComhaontú. Ina theannta sin, bunófar Fóram na Sochaí Sibhialta chun spás a chur ar fáil don idirphlé poiblí maidir le hábhair atá ábhartha don Chomhaontú seo.

2025/0810 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach Pholaitiúil, Eacnamaíoch agus Chomhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, den pháirt eile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91, Airteagal 100(2), Airteagal 207(4), an chéad fhomhír agus Airteagal 209(2), i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), agus Airteagal 218(7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[8],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh [uimhir an Chinnidh] ón gComhairle an [dáta], síníodh an Comhaontú Iltíreach idir an tAontas Eorpach agus Meicsiceo (‘an Comhaontú)’ [san áit] an [dáta], faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta is faide anonn agus cuireadh i bhfeidhm go sealadach é . . ., go dtí a theacht i bhfeidhm.

(2) De bhun Airteagal 218(7) CFAE, is iomchuí don Chomhairle an Coimisiún a údarú le modhnuithe áirithe ar an gComhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 2.11 de Chaibidil 2 de Chuid IV den Chomhaontú, ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú san Aontas mar ní a thugann cearta do dhaoine nó a fhorchuireann oibleagáidí ar dhaoine seachas iad siúd arna gcruthú idir na Páirtithe faoin dlí idirnáisiúnta poiblí. Dá bhrí sin, ní féidir an Comhaontú a agairt go díreach os comhair chúirteanna an Aontais nó na mBallstát.

(4) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Comhaontú maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach Pholaitiúil, Eacnamaíoch agus Chomhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, den pháirt eile, a fhormheas thar ceann an Aontais. *

---

[8] IO C , , lch. .

* Tá téacs an Chomhaontaithe foilsithe in IO L, XXXXX, ELI

*Airteagal 2*

Chun críocha Airteagal 21.18 de Chuid III den Chomhaontú, is é an Coimisiún a ghlacfaidh seasamh an Aontais i leith modhnuithe nó ceartúcháin ar na gealltanais faoi Iarscríbhinn 21-A agus 21-B a ghabhann leis an gComhaontú.

*Airteagal 3*

Cinntí ón gComhairle Chomhpháirteach de bhun Airteagal 25.35 de Chuid III den Chomhaontú lena modhnaítear liosta na dtásc geografach faoi Iarscríbhinn 25-B den Chomhaontú agus Iarscríbhinní I agus II de Chomhaontú 1997 maidir le Biotáille a ionchorpraítear sa Chomhaontú de bhun Airteagal 25.41, is é an Coimisiún a dhéanfaidh iad a fhormheas thar ceann an Aontais. I gcás nach féidir le páirtithe leasmhara teacht ar chomhaontú tar éis agóidí a bhaineann le tásc geografach, glacfaidh an Coimisiún seasamh ar bhonn an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 57(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

*Article4*

Cinntí ón gComhairle Chomhpháirteach de bhun Airteagail 2.22(4) agus 2.24(8) de Chuid III den Chomhaontú lena ndéantar modhnú ar na sainmhínithe táirgí, ar chleachtais fíoneolaíochta nó ar shrianta faoi Chuid A agus B d'Iarscríbhinn 2-E den Chomhaontú agus ar dhoiciméadacht agus deimhniú faoi Chuid D d'Iarscríbhinn 2-E faoi seach, is é an Coimisiún a dhéanfaidh iad a fhormheas thar ceann an Aontais.

*Airteagal 5*

Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú mar ní a thugann cearta nó a fhorchuireann oibleagáidí is féidir a agairt go díreach os comhair chúirteanna agus bhinsí an Aontais Eorpaigh nó na mBallstát.

*Airteagal 6*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an .

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH 'IONCAM' - LE hAGHAIDH TOGRAÍ A bhFUIL TIONCHAR BUISÉADACH ACU AR THAOBH AN IONCAIM DEN BHUISÉAD

**1. AINM AN TOGRA:**

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach Pholaitiúil, Eacnamaíoch agus Chomhair (CIN) idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo.

**2. LÍNTE BUISÉID:**

Líne ioncaim (Caibidil/Airteagal/Ítim): Caibidil 12, Airteagal 120

An méid arna bhuiséadú le haghaidh na bliana lena mbaineann (2025): EUR 21 082 004 566

*(i gcás ioncaim shannta amháin):*

Sannfar an t-ioncam don líne chaiteachais seo a leanas (Caibidil/Airteagal/Ítim):

**3. TIONCHAR AIRGEADAIS**

☐ Ní bheidh aon impleacht airgeadais ag an togra

X Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra ar chaiteachas ach beidh tionchar airgeadais aige ar ioncam

☐ Tá tionchar airgeadais ag an togra ar ioncam sannta

Is mar seo a leanas a bheidh an éifeacht:

*(EUR milliúin go dtí an chéad deachúil)*

| Líne ioncaim | An tionchar ar ioncam | 12 mhí | Bliain 2026 |
|---|---|---|---|
| Caibidil 12/Airteagal 12 0 | *EUR 18,75 milliún* | Táthar ag súil le teacht i bhfeidhm ag tús 2026 | 0 |
| Caibidil 12/Airteagal/12 0 | | | |

| Staid tar éis na gníomhaíochta | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Líne ioncaim | [N+15] | [N+16] | [N+17] | [N+18] | [N+19] |
| Caibidil 12/Airteagal 12 0 | *EUR 1 bhilliún* | *EUR 1 bhilliún* | *EUR 1 bhilliún* | *EUR 1 bhilliún* | *EUR 1 bhilliún* |
| Caibidil/Airteagal/Ítim … | | | | | |

*(I gcás ioncaim shannta amháin, ar choinníoll gur fios an líne bhuiséid cheana féin):*

| Líne chaiteachais[9] | Bliain N | Bliain N+1 |
|---|---|---|
| Caibidil/Airteagal/Ítim … | | |
| Caibidil/Airteagal/Ítim … | | |

| Líne chaiteachais | [N+2] | [N+3] | [N+4] | [N+5] |
|---|---|---|---|---|
| Caibidil/Airteagal/Ítim … | | | | |
| Caibidil/Airteagal/Ítim … | | | | |

**4. BEARTA FRITHCHALAOISE**

**5. BARÚLACHA EILE**

Ní bheidh aon chostas breise (caiteachas) i mbuiséad an Aontais mar gheall ar an Rialachán atá beartaithe.

Beidh tionchar airgeadais ag an gComhaontú Iltíreach Nuachóirithe ar bhuiséad an Aontais ó thaobh na n-ioncam de. Mar thoradh ar an gComhaontú Iltíreach Nuachóirithe meastar go gcaillfear dleachtanna dar luach EUR 18,75 milliún ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe.[10]

Tá coinne le tionchair dhearfacha indíreacha ó thaobh méaduithe ar acmhainní atá nasctha le cáin bhreisluacha agus le hollioncam náisiúnta.

9 Le húsáid más gá, agus sa chás sin amháin.

10 Tá méid measta na gcaillteanas ioncaim ag EUR 18,75 milliún glan ó chostais bhailiúcháin (baineadh 25 % den chaillteanas ioncaim measta EUR 25 mhilliún).